Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 28 Bealtaine 2026 (OR. en)**

**9820/26**

**Comhad Idirinstitiúideach: 2026/0127 (NLE)**

**POLCOM 196**
**COASI 92**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 28 Bealtaine 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2026) 250 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh<br>CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE<br>maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Choiste um Thrádáil arna bhunú leis an gComhaontú Saorthrádála idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Poblacht na Cóiré, den pháirt eile, a mhéid a bhaineann leis an athbhreithniú ar liosta na ndaoine aonair atá toilteanach agus ábalta a bheith ag feidhmiú mar eadránaithe i gcomhréir le hAirteagal 14.18 den Chomhaontú agus leis an athbhreithniú ar liosta na saineolaithe atá toilteanach agus ábalta a bheith ag feidhmiú mar phainéalaithe i gcomhréir le hAirteagal 13.15 den Chomhaontú |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2026) 250 final.

---

Faoi iamh: COM(2026) 250 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 28.5.2026
COM(2026) 250 final

2026/0127 (NLE)

Togra le haghaidh

**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Choiste um Thrádáil arna bhunú leis an gComhaontú Saorthrádála idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Poblacht na Cóiré, den pháirt eile, a mhéid a bhaineann leis an athbhreithniú ar liosta na ndaoine aonair atá toilteanach agus ábalta a bheith ag feidhmiú mar eadránaithe i gcomhréir le hAirteagal 14.18 den Chomhaontú agus leis an athbhreithniú ar liosta na saineolaithe atá toilteanach agus ábalta a bheith ag feidhmiú mar phainéalaithe i gcomhréir le hAirteagal 13.15 den Chomhaontú**

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. ÁBHAR AN TOGRA

Baineann an togra seo leis an gCinneadh lena mbunaítear an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Choiste um Thrádáil arna bhunú leis an gComhaontú Saorthrádála idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Poblacht na Cóiré, den pháirt eile (dá ngairtear 'an Comhaontú' anseo feasta), a mhéid a bhaineann le dhá chinneadh ón gCoiste um Thrádáil atá beartaithe a ghlacadh maidir le hathbhreithniú a dhéanamh ar liosta na ndaoine aonair atá toilteanach agus ábalta a bheith ag feidhmiú mar eadránaithe i gcomhréir le hAirteagal 14.18 den Chomhaontú (an nós imeachta ginearálta um réiteach díospóidí) agus maidir le hathbhreithniú a dhéanamh ar liosta na saineolaithe atá toilteanach agus ábalta a bheith ag feidhmiú mar phainéalaithe i gcomhréir le hAirteagal 13.15 den Chomhaontú (nós imeachta um réiteach díospóidí faoi na forálacha maidir le trádáil agus forbairt inbhuanaithe).

## 2. COMHTHÉACS AN TOGRA

### 2.1. An Comhaontú Saorthrádála idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Poblacht na Cóiré, den pháirt eile

Is é is aidhm don Chomhaontú, a cuireadh i bhfeidhm go sealadach ó mhí Iúil 2011 agus a tháinig i bhfeidhm an 13 Nollaig 2015, trádáil earraí agus seirbhísí idir na Páirtithe sa Chomhaontú (dá ngairtear 'na Páirtithe' anseo feasta) a léirscaoileadh agus a éascú; iomaíocht eacnamaíoch a chur chun cinn; margaí soláthair rialtais a oscailt go frithpháirteach; cearta maoine intleachtúla a chosaint; trádáil dhomhanda a fheabhsú trí bhacainní a bhaint agus infheistíocht a spreagadh; gealltanas a thabhairt maidir le forbairt inbhuanaithe laistigh de chleachtais idirnáisiúnta trádála; agus infheistíocht dhíreach choigríche a chur chun cinn gan caighdeáin chomhshaoil, saothair ná sláinte agus sábháilteachta a chur i mbaol. I gcás díospóidí idir na Páirtithe, déantar foráil sa Chomhaontú maidir le himeachtaí sonracha um réiteach díospóidí chun an t-ábhar a réiteach.

### 2.2. An Coiste um Thrádáil

Bunaítear an Coiste um Thrádáil de bhun Airteagal 15.1 den Chomhaontú agus tá cumhachtaí cinnteoireachta aige faoi chuimsiú an Chomhaontaithe.

### 2.3. An gníomh atá beartaithe ag an gCoiste um Thrádáil agus ag an gCoiste um Thrádáil agus um Fhorbairt Inbhuanaithe

Tá sé beartaithe go nglacfaidh an Coiste um Thrádáil dhá Chinneadh ('na gníomhartha atá beartaithe') le linn an chéad chruinnithe eile dá chuid nó trí nós imeachta i scríbhinn, cibé acu is túisce.

Is é is cuspóir do na gníomhartha atá beartaithe liostaí na ndaoine aonair atá toilteanach agus ábalta a bheith ag feidhmiú mar eadránaithe nó mar phainéalaithe i gcomhréir le hAirteagail 14.18 agus 13.15 den Chomhaontú a thabhairt cothrom le dáta.

Beidh na gníomhartha atá beartaithe ina cheangal ar na Páirtithe i gcomhréir le hAirteagail 14.18 agus 13.15 den Chomhaontú, agus déantar foráil iontu maidir le bunú an dá liosta.

## 3. AN SEASAMH ATÁ LE GLACADH THAR CEANN AN AONTAIS

Bunaítear an Coiste um Thrádáil de bhun Airteagal 15.1 den Chomhaontú agus tá cumhachtaí cinnteoireachta aige faoi chuimsiú an Chomhaontaithe.

De bhun Airteagal 14.18 den Chomhaontú, tá an Coiste um Thrádáil le liosta de 15 dhuine aonair a bhunú chun feidhmiú mar eadránaithe. An 23 Nollaig 2011, ghlac an Coiste um Thrádáil idir an tAontas agus an Chóiré Cinneadh Uimh. 2[1] lena mbunaítear liosta de 15 dhuine a fhéadfaidh feidhmiú mar eadránaithe i nósanna imeachta an phainéil eadrána de bhun Airteagal 14.18 den Chomhaontú. Chuir na Páirtithe in iúl gur mian leo roinnt de náisiúnaigh na Cóiré, náisiúnaigh Bhallstáit an Aontais Eorpaigh agus neamhnáisiúnaigh atá ag feidhmiú mar chathaoirligh ar liosta na n-eadránaithe a ionadú. Chun go dtiocfaidh an leasú sin i bhfeidhm, ba cheart don Choiste um Thrádáil idir an tAontas agus an Chóiré liosta athbhreithnithe na ndaoine aonair a fhormheas.

De bhun Airteagal 13.15 (3) den Chomhaontú, comhaontóidh na Páirtithe ar liosta de 15 dhuine ar a laghad atá toilteanach agus ábalta a bheith ina bpainéalaithe maidir le hábhair a eascraíonn faoi Chaibidil 13 den Chomhaontú (an Chaibidil maidir le trádáil agus forbairt inbhuanaithe) agus a bhfuil saineolas acu ar na saincheisteanna a chumhdaítear leis an gCaibidil sin. Bunaíodh an liosta den chéad uair an 27 Meitheamh 2012 le Cinneadh Uimh. 2/2012[2] ón gCoiste um Thrádáil agus um Fhorbairt Inbhuanaithe idir an tAontas agus an Chóiré, lena mbunaítear liosta de 18 saineolaí a fhéadfaidh feidhmiú mar phainéalaithe. Rinneadh athbhreithniú ar an liosta go deireanach in 2019 le Cinneadh Uimh. 1/2019[3] ón gCoiste céanna. Chuir na Páirtithe in iúl gur mian leo daoine eile a chur in ionad cuid de na neamhnáisiúnaigh atá ag feidhmiú mar chathaoirligh ar liosta na saineolaithe.

I gcás díospóide, rachaidh na Páirtithe i gcomhairle le chéile d'fhonn teacht ar chomhaontú maidir leis na headránaithe a bheadh ar phainéal eadrána. Dá bhrí sin, tá sé ríthábhachtach a áirithiú go ndéanfar an dá liosta a thabhairt cothrom le dáta i gcónaí chun a áirithiú go mbeidh na nósanna imeachta um réiteach díospóidí faoin gComhaontú ar fáil go héifeachtach.

Is éard atá sa togra atá i gceangal leis seo an togra le haghaidh ionstraim dlí lena bhformheastar an seasamh a ghlacfaidh an tAontas Eorpach sa Choiste um Thrádáil maidir leis an dá shaincheist thuasluaite.

## 4. BUNÚS DLÍ

### 4.1. Bunús dlí don nós imeachta

#### *4.1.1. Prionsabail*

In Airteagal 218(9) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) déantar foráil maidir le cinntí lena mbunaítear '*na seasaimh a ghlacfar thar ceann an Aontais i gcomhlacht arna chur ar bun le comhaontú, nuair a iarrtar ar an gcomhlacht sin gníomhartha a ghlacadh a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo, seachas gníomhartha lena bhforlíonfar nó lena leasófar creat institiúideach an chomhaontaithe*.'

Thairis sin, cuimsítear sa choincheap '*gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo*' gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo de bhua na rialacha de chuid an dlí idirnáisiúnta lena rialaítear an comhlacht atá i gceist. Cuimsítear ann freisin ionstraimí nach bhfuil éifeacht

[1] Cinneadh Uimh. 2 ón gCoiste um Thrádáil idir an tAontas agus an Chóiré an 23 Nollaig 2011 maidir le bunú liosta na n-eadránaithe dá dtagraítear in Airteagal 14.18 den Chomhaontú Saorthrádála idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Poblacht na Cóiré, den pháirt eile.

[2] Cinneadh Uimh. 2/2012 ón gCoiste um Thrádáil agus um Fhorbairt Inbhuanaithe idir an tAontas agus an Chóiré an 27 Meitheamh 2012 maidir le Painéal Saineolaithe a bhunú dá dtagraítear in Airteagal 13.15 den Chomhaontú Saorthrádála idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Poblacht na Cóiré, den pháirt eile.

[3] Cinneadh Uimh. 1/2019 ón gCoiste um Thrádáil agus um Fhorbairt Inbhuanaithe idir an tAontas agus an Chóiré an 30 Meán Fómhair 2019 maidir le liosta athbhreithnithe saineolaithe atá toilteanach agus ábalta feidhmiú mar phainéalaithe i gcomhréir le hAirteagal 13.15 den Chomhaontú.

cheangailteach leo faoin dlí idirnáisiúnta, ach a d'fhéadfadh '*tionchar cinntitheach a imirt ar inneachar na reachtaíochta a ghlacfaidh reachtóir an Aontais Eorpaigh*'[4].

*4.1.2. Feidhm maidir leis an gcás seo*

Is comhlacht é an Coiste um Thrádáil a cuireadh ar bun leis an gComhaontú.

An gníomh a iarrtar ar an gCoiste um Thrádáil a ghlacadh, is gníomh é a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leis.

Leis an gníomh atá beartaithe, ní dhéantar creat institiúideach an Chomhaontaithe a fhorlíonadh ná a leasú.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 218(9) CFAE is bunús dlí nós imeachta don chinneadh atá beartaithe.

## 4.2. Bunús dlí substainteach

*4.2.1. Prionsabail*

An bunús dlí substainteach atá le cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE, braitheann sé go príomha ar chuspóir agus ar inneachar an ghnímh atá beartaithe a nglacfar seasamh thar ceann an Aontais ina leith. Má shaothraítear dhá aidhm leis an ngníomh atá beartaithe nó má tá dhá chomhpháirt ann agus más féidir a shainaithint gur príomhaidhm nó príomh-chomhpháirt atá i gceann de na haidhmeanna nó de na comhpháirteanna sin, agus gan sa cheann eile ach aidhm nó comhpháirt theagmhasach, ní mór an cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE a bhunú ar bhunús dlí substainteach aonair, is é sin an bunús dlí a cheanglaítear leis an bpríomhaidhm nó leis an bpríomh-chomhpháirt.

*4.2.2. Feidhm maidir leis an gcás seo*

Baineann príomhchuspóir agus ábhar an ghnímh atá beartaithe le comhbheartas tráchtála.

Dá bhrí sin, is í an chéad fhomhír d'Airteagal 207(4) CFAE bunús dlí substainteach an chinnidh atá beartaithe.

## 4.3. Conclúid

Is í an chéad fhomhír d'Airteagal 207(4) CFAE, i gcomhar le hAirteagal 218(9) CFAE, is ceart a bheith ina mbunús dlí leis an gCinneadh atá beartaithe.

# 5. FOILSIÚ AN GHNÍMH ATÁ BEARTAITHE

Ós rud é go leasófar le gníomh an Choiste um Thrádáil na liostaí atá ann cheana de dhaoine aonair atá toilteanach agus ábalta a bheith ag feidhmiú mar eadránaithe i gcomhréir le hAirteagal 14.18 den Chomhaontú agus liosta na saineolaithe atá toilteanach agus ábalta a bheith ag feidhmiú mar phainéalaithe i gcomhréir le hAirteagal 13.15 den Chomhaontú, is iomchuí iad a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* tar éis a nglactha.

4 Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais an 7 Deireadh Fómhair 2014, an Ghearmáin v an Chomhairle, C-399/12, ECLI:EU:C:2014:2258, míreanna 61 go 64.

2026/0127 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

## maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Choiste um Thrádáil arna bhunú leis an gComhaontú Saorthrádála idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Poblacht na Cóiré, den pháirt eile, a mhéid a bhaineann leis an athbhreithniú ar liosta na ndaoine aonair atá toilteanach agus ábalta a bheith ag feidhmiú mar eadránaithe i gcomhréir le hAirteagal 14.18 den Chomhaontú agus leis an athbhreithniú ar liosta na saineolaithe atá toilteanach agus ábalta a bheith ag feidhmiú mar phainéalaithe i gcomhréir le hAirteagal 13.15 den Chomhaontú

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe an chéad fhomhír d'Airteagal 207(4), i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rinne an tAontas an Comhaontú Saorthrádála idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Poblacht na Cóiré, den pháirt eile, ('an Comhaontú') a thabhairt i gcrích le Cinneadh ón gComhairle an 6 Deireadh Fómhair 2010[5] agus cuireadh i bhfeidhm go sealadach é ó mhí Iúil 2011 agus tháinig sé i bhfeidhm i mí na Nollag 2015.

(2) De bhun Airteagal 14.18 den Chomhaontú, bunóidh an Coiste um Thrádáil liosta de 15 dhuine aonair a bheidh toilteanach agus ábalta a bheith ag feidhmiú mar eadránaithe i ndíospóidí a d'fhéadfadh a bheith ann idir na Páirtithe. An 23 Nollaig 2011, ghlac an Coiste um Thrádáil idir an tAontas agus an Chóiré Cinneadh Uimh. 2[6] lena mbunaítear liosta de 15 dhuine a fhéadfaidh feidhmiú mar eadránaithe i nósanna imeachta an Phainéil de bhun Airteagal 14.18 den Chomhaontú.

(3) Chuir na Páirtithe in iúl gur mian leo roinnt de náisiúnaigh na Cóiré, náisiúnaigh Bhallstáit an Aontais Eorpaigh agus neamhnáisiúnaigh atá ag feidhmiú mar chathaoirligh ar liosta na n-eadránaithe a ionadú. Chun go dtiocfaidh an leasú sin i bhfeidhm, ba cheart don Choiste um Thrádáil idir an tAontas agus an Chóiré liosta athbhreithnithe na ndaoine aonair a fhormheas.

(4) De bhun Airteagal 13.15(3) den Chomhaontú, bunóidh na Páirtithe liosta de 15 dhuine ar a laghad atá toilteanach agus ábalta a bheith ina bpainéalaithe maidir le hábhair a eascraíonn faoi Chaibidil 13 den Chomhaontú (an Chaibidil maidir le trádáil agus forbairt inbhuanaithe) agus a bhfuil saineolas acu ar na saincheisteanna a chumhdaítear leis an gCaibidil sin. An 27 Meitheamh 2012, ghlac an Coiste um Thrádáil agus um Fhorbairt Inbhuanaithe idir an tAontas agus an Chóiré Cinneadh

[5] IO L 127, 14.5.2011, lch. 6.

[6] Cinneadh Uimh. 2 ón gCoiste um Thrádáil idir an tAontas agus an Chóiré an 23 Nollaig 2011 maidir le bunú liosta na n-eadránaithe dá dtagraítear in Airteagal 14.18 den Chomhaontú Saorthrádála idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Poblacht na Cóiré, den pháirt eile.

Uimh. 2/2012[7] lena mbunaítear liosta de 18 saineolaí a fhéadfaidh feidhmiú mar phainéalaithe. Rinneadh an liosta seo a athbhreithniú go deireanach in 2019 le Cinneadh Uimh. 1/2019[8] ón gCoiste céanna.

(5) Chuir na Páirtithe in iúl gur mian leo daoine eile a chur in ionad cuid de na neamhnáisiúnaigh atá ag feidhmiú mar chathaoirligh ar liosta na saineolaithe. Chun go dtiocfaidh an leasú sin i bhfeidhm, ba cheart don Choiste um Thrádáil idir an tAontas agus an Chóiré liosta athbhreithnithe na ndaoine aonair a fhormheas.

(6) Tá an Coiste um Thrádáil chun liostaí nuashonraithe na n-eadránaithe agus na saineolaithe a ghlacadh le linn an chéad chruinnithe eile dá chuid nó trí nós imeachta i scríbhinn, cibé acu is túisce.

(7) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Choiste um Thrádáil a bhunú, ós rud é go mbeidh na cinntí ina gceangal ar an Aontas,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Choiste um Thrádáil, arna bhunú leis an gComhaontú Saorthrádála idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Poblacht na Cóiré, den pháirt eile, a mhéid a bhaineann le liosta athbhreithnithe na ndaoine aonair atá toilteanach agus ábalta a bheith ag feidhmiú mar eadránaithe i gcomhréir le hAirteagal 14.18 den Chomhaontú, beidh sé bunaithe ar dhréacht-Chinneadh an Choiste um Thrádáil atá i gceangal le hIarscríbhinn 1 a ghabhann leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

Maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Choiste um Thrádáil, arna bhunú leis an gComhaontú Saorthrádála idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Poblacht na Cóiré, den pháirt eile, a mhéid a bhaineann le liosta athbhreithnithe na saineolaithe atá toilteanach agus ábalta feidhmiú mar phainéalaithe i gcomhréir le hAirteagal 13.15 den Chomhaontú, beidh sé bunaithe ar dhréacht-Chinneadh an Choiste um Thrádáil atá i gceangal le hIarscríbhinn 2 a ghabhann leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 3*

Féadfaidh ionadaithe an Aontais sa Choiste um Thrádáil mionathruithe ar an dréacht-Chinneadh a chomhaontú gan cinneadh eile ón gComhairle.

*Airteagal 4*

Tar éis a ghlactha, foilseofar an Cinneadh ón gCoiste um Thrádáil in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

---

[7] Cinneadh Uimh. 2/2012 ón gCoiste um Thrádáil agus um Fhorbairt Inbhuanaithe idir an tAontas agus an Chóiré an 27 Meitheamh 2012 maidir le Painéal Saineolaithe a bhunú dá dtagraítear in Airteagal 13.15 den Chomhaontú Saorthrádála idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Poblacht na Cóiré, den pháirt eile.

[8] Cinneadh Uimh. 1/2019 ón gCoiste um Thrádáil agus um Fhorbairt Inbhuanaithe idir an tAontas agus an Chóiré an 30 Meán Fómhair 2019 maidir le liosta athbhreithnithe saineolaithe atá toilteanach agus ábalta feidhmiú mar phainéalaithe i gcomhréir le hAirteagal 13.15 den Chomhaontú.

*Airteagal 5*

Is chuig an gCoimisiún a dhírítear an Cinneadh seo agus tiocfaidh sé i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*